Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10134/18**

**SOC 411**
**EMPL 334**
**DIGIT 136**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10057/18 |
| Ábhar: | Todhchaí na hoibre: Cur chuige saolré<br>– Conclúidí ón gComhairle (21 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí na hoibre: cur chuige saolré, a ghlac Comhairle EPSCO ar an 21 Meitheamh 2018.

**Todhchaí na hOibre: Cur Chuige Saolré**

**– Conclúidí ón gComhairle**

**DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS**

1. Mar thoradh ar an bhforbairt dhinimiciúil theicneolaíoch, ar an domhandú agus ar an athrú déimeagrafach, iad uile ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo, tá athmhúnlú, ar bhealach do-athraithe, á dhéanamh ar a lán gnéithe d'eagrú na sochaí sa 21ú haois, lena n-áirítear i saol na hoibre. Tá an claochlú sin á spreagadh go príomha ag an uathoibriú agus ag an digitiú agus tá dlús air mar thoradh ar an intleacht shaorga a bheith ag teacht chun cinn go gasta. Tá i gceist leis, san Eoraip, éileamh méadaitheach ar oibrithe oilte in earnálacha tábhachtacha áirithe, agus is minic nasc a bheith aige sin, dá réir, le sraith de dhúshláin shóisialta ina n-áirítear an tsochaí atá ag dul in aois, neamh-chomhionannas seasta inscne agus steiréitíopaí inscne ceirde.

2. Tá na deiseanna agus dúshláin ann mar thoradh ar an gclaochlú leanúnach. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí an nuálaíocht agus an fás eacnamaíoch a spreagadh leis mar aon le poist nua ardcháilíochta a chruthú agus cur leis an táirgiúlacht saothair, le cosaint na n-oibrithe agus le ham saor, agus, ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí rannchuidiú chun saol na hoibre agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh. Leis an gclaochlú freisin, d'fhéadfaí rannchuidiú le folláine fhoriomlán na saoránach a fheabhsú chomh maith le deiseanna nua a thairiscint do dhaoine as grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas. Le teicneolaíochtaí nua, d'fhéadfaí rannpháirtíocht shibhialta ghníomhach a éascú freisin. Ar an taobh eile, leis an gclaochlú leanúnach, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú suntasach ar phoist áirithe freisin nó d'fhéadfadh sé go mbeadh deireadh leis na poist sin, agus go méadófaí ar an dífhostaíocht struchtúrach i measc catagóirí áirithe d'oibrí, agus neamhionannas nua a chruthú agus d'fhéadfadh go n-eascródh deighilt i margadh an tsaothair mar thoradh ar dheireadh le poist ar an leibhéal idirmheánach go háirithe.

3. Ní mór do na geallsealbhóirí, lena n-áirítear na rialtais, fostóirí, oibrithe, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta, tuiscint dhomhain a bheith acu ar na próisis chlaochlaithe atá ar siúl, ionas go mbeidh siad in ann freagairt dóibh agus iad a mhúnlú agus chun an chuimsitheacht agus an chothroime a chur chun cinn i margadh an tsaothair.

4. Le cur chuige saolré i leith phróiseas leanúnach an athraithe, is féidir beartais chomhtháite, chuimsitheacha a fhorbairt, bunaithe ar phoitéinseall sonrach gach duine. I measc na bpríomhghnéithe i gcomhthéacs an oideachais, na hoiliúna, na fostaíochta agus na mbeartas sóisialta, tá gné na hinscne; an chothromaíocht oibre is saoil; an chosaint shóisialta; dálaí oibre cuibhiúla, slána, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus am oibre; scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil; forbairt gairme; aosú gníomhach; agus tacaíocht le linn athruithe, lena n-áirítear beartais maidir le dul ar ais ag obair.

5. Tá an t-oideachas agus beartais agus seirbhísí i leith forbairt luath an pháiste, a shamhlaítear mar chuid de chur chuige saolré, i measc na n-uirlisí is tábhachtaí maidir le forbairt eolais, scileanna praiticiúla agus cumas fisiciúil ó aois luath, lena n-áirítear na bunscileanna cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha is gá chun bheith rathúil i dtimpeallachtaí a bhíonn ag athrú go tapa.

6. Ag am seo an athraithe, d'fhéadfadh forbairt éiceachóras geilleagair shóisialta san Eoraip a bheith ina bhonn maith chun infhostaitheacht agus inoiriúnaitheacht an lucht saothair, lena n-áirítear daoine ó ghrúpaí leochaileacha, a fheabhsú anois agus amach anseo. Leis an digitiú agus le teicneolaíochtaí nua, d'fhéadfaí ionstraimí a chur ar fáil freisin chun samhlacha nua gnó a chruthú bunaithe ar luachanna, amhail cothrom na Féinne, an chuimsitheacht agus an dlúthpháirtíocht. D'fhéadfadh coimíneacht dhigiteach, mar shampla, bogearraí foinse oscailte, arna forbairt agus arna húsáid go forleathan ag gníomhaithe an gheilleagair shóisialta, ról tábhachtach a imirt chun úsáid chothrom acmhainní agus teicneolaíocht faisnéise a chur chun cinn. D'fheadfadh luachanna an gheilleagair shóisialta cabhrú freisin le forbairt na coimíneachta digití a stiúradh i dtreo tairbhiúil.

7. Tá todhchaí na hoibre mar thosaíocht ar an gclár oibre domhanda. Mar shampla, lena tionscnamh céad bliain maidir le todhchaí na hoibre, agus coimisiún domhanda ardleibhéil a bhunaigh sí ina dhiaidh sin, ar coimisiún é a fhoilseoidh tuarascáil ghníomhú-dhírithe ag tús 2019, rannchuidigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair leis an bplé atá ar siúl faoi láthair.

8. Ar an leibhéal Eorpach, tá aghaidh á tabhairt, go gníomhach, ag an gCoimisiún Eorpach, ag na Ballstáit agus ag Parlaimint na hEorpa ar a bhfuil ag titim amach i láthair na huaire. Tá sé mar aidhm le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a fógraíodh sa bhliain 2017 a bheith mar threoir maidir le fostaíocht agus torthaí sóisialta éifeachtúla nuair a fhreagraítear do na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. I measc na dtionscnamh sonrach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, tá an *Skills Agenda for Europe* [Clár Oibre Scileanna don Eoraip], lena n-áirítear an *Recommendation on Upskilling Pathways* [An Moladh maidir le Conairí Uas-Scilithe], an pacáiste maidir le *Modernising Education and Investing in Youth* [An tOideachas a Nuachóiriú agus Infheistiú a dhéanamh san Óige], agus an *Skills Agenda for Europe for 2020* [An Clár Oibre Digiteach don Eoraip don bhliain 2020], chomh maith le *Communication on Artificial Intelligence for Europe* [Teachtaireacht maidir leis an Intleacht Shaorga don Eoraip]. I mí na Nollag 2017, ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir le Todhchaí na hOibre: An ríomhobair a éascú. I mí Márta 2018, rinneadh comhdháil ardleibhéil maidir le todhchaí na hOibre: Cur Chuige Saolré a thionól i Sóifia, a d'eagraigh Uachtaránacht na Bulgáire agus an Coimisiún le chéile. Pléadh todhchaí na hoibre sa Choiste Fostaíochta agus sa Coiste um Chosaint Shóisialta freisin. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) tuairim thurgnamhach maidir le Todhchaí na hOibre/Scileanna a d'iarr Uachtaránacht na Bulgáire. Tá a dtuairimí léirithe ag comhpháirtithe sóisialta na hEorpa freisin, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Chruinnithe Mullaigh Shóisialta Thríthaobhaigh rialta.

**MARGADH AN tSAOTHAIR, ATHRUITHE AGUS FOSTAÍOCHT**

9. Tá dlús ar aistriú na gcúraimí ó dhaoine chuig na meaisíní, agus tá tionchar mór aige sin ar mhargadh an tsaothair ós rud é gur féidir i gcoitinne líon méadaitheach cúraimí a uathoibriú. Tá dhá ghné ag roinnt leis an tionchar sin: éileamh méadaithe ar oibrithe ardoilte agus ar oibrithe eile a bhfuil na scileanna cearta acu, i dteannta laghdú intuartha i ndeiseanna fostaíochta d'oibrithe nach bhfuil na scileanna ábhartha acu. Ní mór don lucht ceaptha beartas na hearnálacha a shainaithint ina bhfuil poist i mbaol de dheasca uathoibriú agus digitiú chomh maith leis na réimsí sin agus na gairmeacha beatha sin a shainaithint ina gcruthófar níos mó post. Ní mór tuilleadh airde a thabhairt ar an tionchar ar phoist a bheidh ag athrú ach nach gcuirfear deireadh leo agus ar thionchar réigiúnach na n-athruithe leantacha.

10. Le timthriall nuálaíochta a bheith ag giorrú, treisítear ar a thábhachtaí atá sásraí réamhaisnéise an mhargaidh saothair atá bunaithe ar fhaisnéis maidir le treochtaí a bheidh ann amach anseo sa soláthar agus éileamh saothair. Beidh an réamhaisnéis sin mar bhonn agus mar thaca ag beartais chun oibrithe a thionlacan agus chun tacú leo le linn na n-athruithe sna slite beatha agus i margadh an tsaothair a bhíonn ag tarlú níos minice le himeacht ama. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach beartais ghníomhachtúcháin chuimsitheacha a cheapadh arb aidhm dóibh cuardaitheoirí poist a spreagadh chun fostaíocht a shaothrú go gníomhach, chun a n-infhostaitheacht a fheabhsú agus chun cur leis na deiseanna a bheidh ar fáil dóibh rochtain a fháil ar an margadh saothair agus fanacht agus dul chun cinn a dhéanamh ann. Leis na beartais ghníomhachtúcháin sin, d'fhéadfaí lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha nuathagtha atá ina gcónaí go dleathach a éascú agus, ag an am céanna, d'fhéadfaí inniúlachtaí náisiúnta a chumhdaítear sna Conarthaí agus athruithe sa gheilleagar a urramú.

11. Tá ról na seirbhísí fostaíochta mar idirghabhálaí agus mar éascaitheoir á fhorbairt freisin agus, ag brath ar na himthosca náisiúnta, is minice a bhíonn baint aige le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaithe gnó agus le gníomhaithe ábhartha eile, lena n-áirítear agus croísheirbhísí á seachadadh amhail comhairleoireacht ghairmiúil, athoiliúint sa treoir ghairme, scileanna a bhailíochtú agus oiliúint a eagrú, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírithe, printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna. Le hardáin dhigiteacha agus uirlisí ar líne a úsáid i dteannta modhanna traidisiúnta, bíonn deiseanna nua ar fáil do na seirbhísí fostaíochta maidir le dúshláin an lae inniu a chomhlíonadh agus ba cheart na deiseanna sin a fhiosrú tuilleadh, mar shampla, i gcomhthéacs obair fhor-rochtana le daoine neamhghníomhacha agus measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair. Teastaíonn comhar níos dlúithe idir seirbhísí fostaíochta agus an lucht gnó chun na deiseanna atá ag teacht chun cinn a thapú ina n-iomláine.

12. Le linn na mblianta amach romhainn, meastar go rachaidh an sciar den daonra gníomhach i laghad go suntasach i bhformhór na dtíortha san Eoraip. Leis an aosú déimeagrafach, is móide go ndéanfar acmhainní saothair agus acmhainní eile a ath-leithdháileadh ar bhonn suntasach thar earnálacha agus gairmeacha beatha, agus é sin mar thoradh, i bpáirt, ar athruithe i riachtanais tomhaltóirí ó earraí marthanacha i dtreo seirbhísí. Ní mór do shoghluaisteacht gheografach agus ghairme an fhórsa saothair a bheith ag feidhmiú go maith, rud a chiallaíonn freisin gur cheart an tsoghluaisteacht sin a bheith cothrom ar bhonn sóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach.

13. I ré seo an digitithe, tá teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) ina bhfoinse thábhachtach post, ar poist ardcháilíochta agus a ngabhann ardíocaíocht leo den chuid is mó, ar mhargadh saothair an Aontais. Mar sin féin, is iondúil go mbíonn ganntanas oibrithe oilte in earnáil TFC agus bíonn leithscaradh mór inscne san earnáil chomh maith. Tá an mhíchothromaíocht inscne seo nasctha le steiréitíopaí cultúrtha agus an bhraistint nach bhfuil san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic ach ábhair do na fir amháin agus nach bhfuil in TFC ach gairmeacha do na fir amháin. Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhféadfadh na mná leas a bhaint as na deiseanna sa réimse seo. Ba cheart, leis an gcóras oideachais agus oiliúna, agus le seirbhísí gairmthreorach freisin, dá bhrí sin, steiréitíopaí agus idirdhealú a chosc agus a chomhrac go córasach agus na mná agus na fir a spreagadh roghanna neamhsteiréitipiciúla a dhéanamh. Tá gá le mná agus fir araon chun freastal ar an nganntanas scileanna TFC fud fad na ngairmeacha agus na n-earnálacha uile. Le níos mó ban a spreagadh chun bheith rannpháirteach i TFC, chuirfí borradh faoin nuálaíocht dhigiteach i ngach réimse, lena n-áirítear in earnáil an oideachais, na sláinte agus an leasa. Ina theannta sin, ba cheart, sa ghairmoiliúint, béim a leagan ar litearthacht dhigiteach na n-oibrithe a mhéadú ar fud na saolré, ag díriú go háirithe ar oibrithe aosacha a bhfuil leibhéil níos ísle scileanna digiteacha acu.

14. Le hoiriúnú na sochaithe, cuideachtaí agus daoine aonair d'fhorbairtí digiteacha, ba cheart a chur san áireamh freisin staid shonrach na ngrúpaí agus na ndaoine aonair faoi mhíbhuntáiste, mar aon leo siúd a bhfuil baol níos airde ina leith ó thaobh an eisiaimh shóisialta, go háirithe NEETanna,[1] oibrithe atá níos sine, náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach agus daoine atá faoi mhíchumas. Tá sé ríthábhachtach an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus uasdátú rialta bunscileanna digiteacha a éascú. Tríd an moladh maidir le Conairí Uas-Scilithe agus an Moladh maidir le hInniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun feidhme tuilleadh, go gníomhach, d'fhéadfaí deiseanna nua a chur ar fáil chun scileanna digiteacha bunúsacha a neartú.

[1] Daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna.

**SCILEANNA, OIDEACHAS AGUS OILIÚINT**

15. Mar thoradh ar an méadú ar an éileamh ar scileanna nua nó ar scileanna sonracha, tá athmhúnlú á dhéanamh ar an bpróifíl nach mór a bheith ag oibrithe i go leor réimsí. Tá inniúlachtaí digiteacha ríthábhachtach chun infhostaitheacht duine a fheabhsú agus leas iomlán a bhaint as foirmeacha foghlama nua-aimseartha, a bheith soghluaiste ar mhargadh an tsaothair agus oiriúnú go tapa d'athruithe. Tá sé tábhachtach a áirithiú nach dtarlaíonn sé, mar thoradh ar athrú teicneolaíochta agus ar na réitigh theicniúla a chuirtear i bhfeidhm i seirbhísí digiteacha, go bhfágfaí aon duine ar chúl. Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar scileanna sóisialta agus cognaíocha, amhail an chumarsáid, an idirbheartaíocht, an t-eagna chinn sóisialta, an smaointeoireacht chruthaitheach, an chinnteoireacht agus réiteach fadhbanna. Tá an fholláine mheabhrach mar bhonn agus mar thaca ag na scileanna sin, folláine a theastaíonn chun gur féidir le daoine aonair a n-acmhainneacht a fhorbairt agus obair a dhéanamh go táirgiúil agus go cruthaitheach. Beidh scileanna fiontraíochta de dhíth ar dhaoine freisin, lena n-áirítear bheith nuálach, bheith ar an eolas conas deiseanna a shainaithint agus bheith in ann rudaí a dhéanamh ar a gconlán féin. Beidh meascán de scileanna neamhthipiciúla ag teastáil freisin mar fhreagairt ar fhorbairtí nua, amhail an ghné eiticiúil a bhaineann le róbatú.

16. Leis an athrú teicneolaíoch atá ar bun faoi láthair, is amhlaidh go nglacfaidh mórán de leanaí an lae inniu le poist amach anseo nach ann dóibh sa lá atá inniu ann. Dá bhrí sin, tá treoir de dhíth ar dhaltaí agus ar mhic léinn maidir le deiseanna post atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn chun cuidiú leo cinntí eolasacha a dhéanamh i ndáil lena gcuid staidéir agus leis na gairmeacha a bheidh acu amach anseo.

17. Caithfear córais oideachais agus oiliúna a oiriúnú freisin, chun cur le deiseanna na saoránach na hinniúlachtaí lárnacha a fháil agus a nuashonrú, ar feadh a saoil, lena n-áirítear scileanna digiteacha, teangacha, eolaíocht, foghlaim chun foghlaim, scileanna fiontraíochta, agus meon nuálach.

18. Tá an comhar idir na geallsealbhóirí uile ríthábhachtach chun na riachtanais phoist a bheidh ann amach anseo a bhainistiú go rathúil. Bíonn ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta - agus ag fostóirí go háirithe - sa phróiseas seo; cuidíonn siad le hinoiriúnaitheacht an fhórsa saothair a chothabháil agus le cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú. Caithfidh na fostóirí a bheith rannpháirteach go gníomhach chun acmhainneacht a bhfostaithe a fhorbairt ar feadh a saoil oibre trí thimpeallacht a chur ar fáil atá fabhrach don oiliúint leanúnach agus don fhorbairt scileanna, a fhéadfaidh a bheith foirmiúil, neamhfhoirmeálta nó neamhfhoirmiúil.

**FOIRMEACHA NUA OIBRE AGUS DÁLAÍ OIBRE**

19. Is gá a áirithiú go ndáilfear go cothrom na sochair a ghabhann le foirmeacha nua oibre ar fud na sochaí trí bheartais cánach, beartais shóisialta agus beartais socraithe pá atá iomchuí.

20. Mar thoradh ar mhórán samhlacha fostaíochta atá ag teacht chun cinn, is féidir a bheith níos solúbtha maidir le heagrú na hoibre, lena n-áirítear cathain a dhéantar obair, cá fhad a dhéantar í agus cá háit. TFC a réitigh an bealach do na hathruithe sin, is féidir leis an chothromaíocht oibre is saoil a éascú freisin agus dul chun sochair leis an gcothromaíocht sin; Mar sin féin, d'fhéadfaí, leis an deis obair a dhéanamh áit ar bith agus am ar bith, an chothromaíocht sin a chur i mbaol freisin.

21. Nuair is gá, ba cheart bearta a dhéanamh chun a áirithiú, i gcás daoine atá i gcaidrimh fostaíochta neamhchaighdeánacha, go mbeidh obair chuibhiúil acu, lena n-áirítear tríd an gcreat reachtaíochta náisiúnta a oiriúnú. Ba cheart cosaint shóisialta leordhóthanach, inbhuanaithe a áirithiú do na hoibrithe sin, i gcás inar gá, trí rochtain ar chórais slándála sóisialta agus ba cheart beartais cosanta sóisialta a bheith cothromaithe le beartais chun gur fiú tairbhe na hoibre. Tá sé tábhachtach, ina theannta sin, go ndéanfaí ionadaíocht, san idirphlé sóisialta, thar ceann daoine atá i gcaidrimh fostaíochta neamhchaighdeánacha agus go bhféadfaidh na daoine sin tairbhe a bhaint as an gcómhargáil.

22. I dtaca le cáilíocht na bpost, ceann de na dúshláin is mó a bheidh ann san am atá le teacht is ea conas is féidir a áirithiú go leanfar leis an bhfeabhsú ar choinníollacha foriomlána oibre. I ngach cineál fostaíochta ba cheart go n-urramófaí an reachtaíocht infheidhme maidir leis an timpeallacht oibre (lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair), déine na hoibre á cur san áireamh; maidir le fad agus dáileadh ama oibre (ionas gur féidir cothromaíocht oibre is saoil a bheith ann); maidir le neamh-idirdhealú i dtaca le hionchais ghairme; agus maidir le deiseanna chun scileanna agus cáilíochtaí a shealbhú agus a fheabhsú.

23. Féadfar, i gcásanna inar gá sin, feabhas breise a chur ar rialacha reatha maidir le caidreamh fostaíochta agus samhlacha slándála sóisialta, ionas go gcumhdófar cineálacha nua oibre atá ag teacht chun cinn. Is é an dúshlán atá ann a áirithiú go ndéanfar margaí saothair dinimiciúla, nuálacha atá ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais a rialú ar bhealach ina n-áirithítear leibhéal cosanta leordhóthanach, comhréireach do gach oibrí chomh maith le hardtáirgiúlacht, agus dá bhrí sin, go gcuirfear le feabhsú na ndálaí maireachtála agus oibre ar fud an Aontais.

24. Cuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile sa réimse seo, lena n-áirítear na doiciméid a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis seo.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**:

25. straitéisí cuimsitheacha náisiúnta a nuashonrú go leanúnach agus, i gcásanna inarb ábhartha, a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar shaol na hoibre atá ag athrú agus lena gcuirtear cur chuige saolré ar fáil a dhíríonn ar na dúshláin atá ann do shaoránaigh i dtréimhsí éagsúla sa saol oibre acu, agus chun forbairt uirlisí leis na straitéisí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr a spreagadh.

26. uirlisí réamhaisnéise don mhargadh saothair a fhorbairt tuilleadh ag cur san áireamh próisis an digitithe agus an uathoibrithe, d'fhonn treochtaí a réamh-mheas agus oideachas, oiliúint agus beartais fostaíochta a threorú d'fhonn an lucht saothair a oiriúnú de shíor d’athruithe sa mhargadh saothair, más gá, le rannpháirtíocht CEDEFOP agus EUROFOUND.

27. forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí praiticiúla ábhartha a chur chun cinn ó aois luath tríd an saol oibre ar fad, lena n-áirítear scileanna digiteacha, cognaíocha, mothúchánacha agus fiontraíocha, chomh maith le folláine mheabhrach, atá ríthábhachtach i ndáil le lánpháirtiú sa mhargadh saothair, táirgiúlacht níos airde, foghlaim ar feadh an tsaoil agus aistriú rathúil ón oideachas chuig an margadh saothair agus idir poist.

28. comhar idir na Ballstáit a threisiú d'fhonn a gcóras oideachais agus oiliúna a oiriúnú d’éabhlóid an mhargaidh saothair, lena n-áirítear trí inoiriúnaitheacht agus cruthaitheacht a áirithiú, agus trí thacaíocht a thabhairt don fhoghlaim ar feadh an tsaoil do chách.

29. foirmeacha foghlama níos solúbtha agus níos inrochtana a fhorbairt agus a chur ar fáil, lena n-áirítear foghlaim obairbhunaithe, oiliúint sa láthair oibre, modhanna foghlama nuálacha, oiliúint neamhfhoirmiúil agus foghlaim féinstiúrtha agus úsáid uirlisí foghlama ar líne. D'éascófaí a thuilleadh leis sin soghluaisteacht gheografach agus ghairmiúil mar aon le haistrithe idir poist agus idir stádais fostaíochta, dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta eacnamaíche sa mhargadh saothair, ar feadh an tsaoil oibre acu.

30. tacú le seirbhísí poiblí agus, i gcás inarb ábhartha, seirbhísí príobháideacha fostaíochta uirlisí digiteacha a úsáid chun meaitseáil idir an soláthar saothair agus an t-éileamh a fheabhsú, agus na rialacha infheidhme maidir le cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chuir chuige shaincheaptha i ndáil le gníomhachtú agus inspreagadh, tacaíocht sa chuardach post agus cuimsiú san oiliúint, tréithe agus riachtanais shainiúla gach aon duine á gcur san áireamh, chomh maith le treochtaí sa mhargadh saothair faoi láthair agus amach anseo.

31. beartais a mheasúnú a chabhraíonn le hoibrithe leas a bhaint as socruithe oibre soghluaiste, solúbtha, meas ar chothromaíocht fhónta oibre is saoil a chur chun cinn agus ceart na n-oibrithe dícheangal digiteach ón obair a bheith acu lasmuigh de na huaireanta oibre a chur chun cinn.

32. inrochtaineacht i réimse digiteach na hoibre a chur chun cinn agus tacú le huirlisí agus teicneolaíochtaí a fhéadfaidh infhostaitheacht daoine faoi mhíchumas a fheabhsú.

33. leanúint leis an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas-Scilithe, an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna, an Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha agus an Moladh ón gComhairle maidir le hInniúlachtaí Lárnacha don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a chur chun feidhme.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

34. steiréitíopaí inscne a chosc agus a chomhrac, leithscaradh inscne a laghdú sa mhargadh saothair agus rannpháirtíocht na mban san earnáil TFC, lena n-áirítear trí ardú feasachta i measc ban agus cailíní ógra chomh maith lena gcuid tuismitheoirí agus trí fheachtais oideachais, mar aon le forbairt scileanna bunúsacha digiteacha do mhná agus d'fhir a chur chun cinn.

35. na foirmeacha nua oibre a chur san áireamh i mbeartais fostaíochta agus slándála sóisialta, agus coimircí iomchuí i gcomhair catagóirí éagsúla oibrithe a chur chun cinn.

36. na deiseanna sa gheilleagar sóisialta a thapú, lena n-áirítear fiontair shóisialta chun poist inbhuanaithe, chuibhiúla a chruthú, chun ceartas sóisialta a fheabhsú do chách agus chun éagothroime réigiúnach agus sóisialta a laghdú.

37. plé rialta a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i gcomhthéacs an idirphlé thrípháirtigh maidir lena bhfuil i ndán don obair agus maidir le bearta chun margaí sóisialta na hEorpa a oiriúnú do na hathruithe de bharr digitiú agus uathoibriú.

38. comhar idir na Ballstáit a fheabhsú d'fhonn an fhoghlaim fhrithpháirteach agus an malartú dea-chleachtas a éascú i ndáil le hábhair a bhaineann lena bhfuil i ndán don obair.

39. uirlisí a fhorbairt agus a fhorlíonadh tuilleadh chun na príomhfhorbairtí sna Ballstáit a bhaineann lena bhfuil i ndán don obair agus le forbairtí gaolmhara sna margaí saothair domhanda, go háirithe sa mhéid is go bhfuil tionchar acu ar mhargaí saothair na hEorpa, a mhapáil.

40. breathnú ar bhealaí ina bhféadfadh an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun dul in oiriúint ar na hathruithe leanúnacha doimhne ar an margadh saothair, lena n-áirítear an t-éileamh méadaitheach ar oibrithe oilte.

41. leanúint lena n-iarrachtaí chun tacú le cur chuige saolré i leith eagrú na hoibre amach anseo, agus na prionsabail ábhartha arna leagan amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta á gcur san áireamh;

42. cur chuige na hEorpa maidir leis na dúshláin a bhaineann lena bhfuil i ndán don obair a chur chun cinn sna fóraim ábhartha idirnáisiúnta, amhail EIS, G7, G20 agus OECD.

43. soghluaisteacht a éascú ar leibhéal an Aontais trí shásraí lena sainaithnítear earnálacha ina bhfuil scileanna ag teastáil agus trí chabhrú le hoibrithe dífhostaithe deiseanna a thapú i margadh saothair an Aontais, agus ag an am céanna an gá chun cothromaíocht réigiúnach a áirithiú á chur san áireamh.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA**

44. súil ghéar a choinneáil ar thionchar an róbataithe agus an uathoibrithe atá ag méadú i réimse na fostaíochta agus sa réimse sóisialta agus cabhrú leis an gComhairle freagraí ar na forbairtí sin a cheapadh, ag díriú go háirithe ar dheiseanna fostaíochta d'oibrithe sna hearnálacha is mó atá thíos; agus

45. leanúint leis an bhfaireachán ar leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na mbeartas cosanta sóisialta i gcomhthéacs athrú leanúnach déimeagrafach i saol na hoibre, ag baint úsáid as ionstraimí atá ann cheana.

IARSCRÍBHINN I

**Tagairtí**

**1. Idirinstitiúideach AE**

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta
https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

**2. An Chomhairle:**

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Margaí Saothair níos cuimsithí a bhaint amach, a glacadh ar an 9 Márta 2015 (7017/15).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun cinn an gheilleagair shóisialta mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip arna nglacadh ar an 7 Nollaig 2015 (15071/15).
- Conclúidí ón gComhairle an 15 Meitheamh 2017 dar teideal I dTreo Straitéisí chun gur fiú Tairbhe na hOibre (9647/17).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i margadh saothair an Aontais Eorpaigh a fheabhsú (6889/17).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir lena bhfuil i nDán don Obair: An ríomhobair a éascú (15506/17)
- Moladh ón gComhairle maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna, (IO C 88, 27.3.2014, lch. 1-4.)
- Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas-Scilithe an 19 Nollaig 2016 (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1-6.)
- Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach do phrintíseachtaí ardchaighdeáin agus éifeachtacha an 15 Márta 2018 (IO C 153, 2.5.2018, lch. 1-6.)
- Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil an 22-23 Bealtaine 2018 (8299/18).

3. **An Coimisiún Eorpach:**

- Tuairim ón gCoiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir maidir leis an gcaoi ar féidir an leithscaradh gairme a shárú http://collections.internetmemory.org/haeu/20171122154227/http:/ec.europa.eu/justice/gender-equality/files/opinions_advisory_committee/151125_opinion_occ_segregation_en.pdf
- Teachtaireacht maidir le *Europe's next leaders: the Start-up and Scale-up Initiative* [Na chéad cheannairí eile a bheidh ag an Aontas: An Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis] (COM 2016/733 final)
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *2017 Report on equality between women and men in the European Union* [Tuarascáil 2017 ar chomhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach] (SWD(2017) 108 final).
- *Digital Skills and Jobs Coalition*[Comhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/european-commission-invites-organisations-attract-more-girls-and-women-digital
- Teachtaireacht dar teideal *New Skills Agenda for Europe: working together to strengthen human capital, employability and competitiveness* [Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip: ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an fhostaíocht agus an t-iomaíochas a neartú] (COM(2016) 381 final)
- Teachtaireacht dar teideal *Artificial Intelligence for Europe* [Intleacht Shaorga don Eoraip] (COM(2018) 237 final)

4. **Parlaimint na hEorpa:**

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2016 maidir le comhionannas inscne agus mná a chumhachtú sa ré dhigiteach (P8_TA(2016)0204).

5. **Tagairtí eile**

- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *Opinion on the Future of work – acquiring of appropriate knowledge and skills to meet the needs of future jobs* [Réamhthuairim maidir lena bhfuil i ndán don obair - eolas agus scileanna iomchuí a shealbhú chun riachtanais post amach anseo a chomhlíonadh] [tuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Bulgáire] (SOC 570)
- Nóta taighde ó EIGE ar *Women and men in ICT: a chance for better work-life balance* [Mná agus fir in TFC: deis chun cothromaíocht níos fearr oibre is saoil a bhaint amach] (2018)
- Tuarascáil ó ECFE *Fit Mind, Fit Job*: [Intinn Chuí, Post Cuí: *From Evidence to Practice in Mental Health and Work* [Ón bhFianaise go dtí an Cleachtas sa Mheabhairshláinte agus san Obair] (Márta 2015).
- Páipéar ó ECFE, *Future of Work and Skills* [Todhchaí na hOibre agus Scileanna] - A tíolacadh ag an dara cruinniú den Mheitheal um Fhostaíocht de chuid G20 (Feabhra 2017)
- Eurofound (2017), *Non-standard forms of employment*: *Recent trends and future prospects* [Foirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha: Na treochtaí is déanaí agus ionchais amach anseo]